



€1 milliún ó Phlean Gníomhaíochta Chiste na gCuntas Díomhaoin 2018 curtha ar fáil chun oiliúint agus tacaí a sholáthar do Chúramóirí Teaghlaigh

Foirm iarratais athdheartha i dtaca leis an Liúntas Cúramóra ar fáil anois

20 Iúil 2018:

Tá €1 milliún curtha ar fáil chun raon oiliúna agus tacaí a sholáthar do chúramóirí teaghlaigh. Tagann sé seo i gcomhthráth le seoladh nuafhoirme iarratais ar an Liúntas Cúramóra, a forbraíodh i gcomhairle le dreamanna ionadaíocha, rud a chinntíonn go ndéanann próiseas an iarratais an riachtanas leis an gcúram a léiriú go hiomlán agus go mbíonn sé ina scáil ar leibhéal an chúraim a chuireann an cúramóir ar fáil. Cinntíonn an cur chuige comhairleach seo go múnlaíonn taithí na gcúramóirí agus taithí fhaighteoirí an chúraim forbairt na seirbhíse agus go n-aithnítear “guth an chúramóra”.

Is í an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (RGFCS) a dhéanfaidh urraíocht ar an nuabhabhta maoiniúcháin faoi Phlean Chiste na gCuntas Díomhaoin 2018, lena n-áirítear beart chun oiliúint agus tacaí do chúramóirí teaghlaigh a chur chun cinn. Cuimsíonn an beart oiliúint, eolas agus líonraí tacaíochta a sholáthar ar dhóigh struchtúrtha faoi théama fhorbairt phearsanta shóisialta na ndaoine a bhíonn faoi mhíbhuntáiste geilleagrach nó faoi mhíbhuntáiste sóisialta. Is é Pobal a riarfaidh an beart nua thar ceann na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí de réir an chomhaontaithe sheirbhíse atá déanta ag Pobal leis an Roinn Threorach (An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail).

Dúirt an tAire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, Regina Doherty, T.D.:

“Tar éis do mo chomhghleacaí, an tAire Stáit Séan Kyne, fógra a dhéanamh maidir le Plean Chiste na gCuntas Díomhaoin 2018, tá ríméad orm a fhógairt go bhfuil €1 milliún á chur ar fáil, faoi phlean na bliana 2018, i gcomhair na dtograí tionscadail faoina soláthrófar oiliúint, eolas agus seirbhísí gaolmhara tacaíochta do chúramóirí teaghlaigh. Is é is cuspóir leis an mbeart seo ná cuidiú le chúramóirí an cúram is fearr agus is féidir a chur ar fáil d’fhaighteoir an chúraim; baol na díobhála don chúramóir agus d’fhaighteoir an chúraim a laghdú agus cabhrú le chúramóirí teaghlaigh na gnéithe mothúcháin agus síceolaíochta dá gcion feidhme a bharráíocht.

Thairis sin, cuirfear maoiniú ar fáil chun soláthar a dhéanamh do scaipeadh an eolais acmhainne i measc na gcúramóirí, forbairt na líonraí tacaíochta, forbairt na ngasraí tacaíochta chun cuidiú i ndeireadh an tsaothair chúramóireachta ó thaobh an aistrithe de, agus bearta d’fhonn cúnaimh a thabhairt chun féin-sainaithe na gcúramóirí a chur chun cinn. Is de bhreis ar an €1 milliún a

lamháladh faoi Phlean Chiste na gCuntas Díomhaoin 2017 atá an beart seo. Tá glao ar thograí á chur amach ag Pobal faoin dá phlean gníomhaíochta agus tá sonraí de phróiseas an iarratais le fáil ar a láithreán gréasáin, www.pobal.ie . Tugaim spreagadh d’eagraíochtaí a chuireann tacaí ar fáil do chúramóirí teaghlaigh an t-ábhar ar an láithreán gréasáin seo faoi na treoirlínte sonracha a bhaineann leis an mbeart a léamh.”

Ina theannta sin, d’fhógair an tAire Doherty inniu gur tugadh isteach nuafhoirm iarratais ar scéim an Liúntais Chúramóra. Is éard atá sa Liúntas Chúramóra ná an phríomhíocaíocht faoi réir tástála acmhainne de chuid na Roinne do chúramóirí atá ag tabhairt aire do leanaí agus do dhaoine fásta a bhfuil cúram agus aire lánaimseartha ag teastáil uathu.

Tar éis dul i gcomhairle go fairsing forleathan le páirtithe leasmhara, tá an nuafhoirm iarratais, ina bhfuil cuid um “Thuairisc Chúraim”, deartha ar dhóigh atá níos áisiúla don úsáideoir chun cabhrú le chúramóirí eolas tábhachtach a chur ar fáil maidir le riachtanais chúraim an duine a bhfuil aire á tabhairt acu dó/di agus maidir le cineál an chúraim atá á chur ar fáil acu. Tá sé de rún go mbeidh an fhoirm nua ní hamháin níos áisiúla don úsáideoir ach freisin go gcabhróidh sí lena thuilleadh éifeachtúlachta i dtaca leis na hamanna próiseála i leith an Liúntais Chúramóra.

Dúirt an tAire Doherty:

“Tugann an Liúntas Chúramóra tacaíocht luachmhar ioncaim do dhaoine nach mbíonn in ann obair lánaimseartha a dhéanamh toisc go dtugann siad aire do dhuine ina n-áit chónaithe. Faigheann breis agus 77,000 chúramóir íocaíocht sheachtainiúil an Liúntais Chúramóra ó mo Roinn faoi láthair agus is íocaíocht uathúil í sa mhéid gur féidir le duine Liúntas Chúramóra ar ráta laghdaithe a fháil le linn dó/di íocaíocht leasa shóisialaigh eile a fháil.

Tá cuid um Thuairisc Chúraim san fhoirm nua, atá deartha tar éis comhairliúcháin idir oifigigh agus measúnóirí leighis mo Roinne agus ionadaithe agus baill de Chúramóirí Teaghlaigh na hÉireann. Ba mhaith liom ómós a thabhairt do gach duine a bhí gafa sa chúram as an obair iontach a rinneadh.

Ceadaítear tríd an dearadh nua go n-éistear níos fearr le guth an chúramóra mar anois is féidir eolas níos ábhartha a sholáthar maidir le riachtanais chúraim an duine dá dtugann an chúramóir aire agus maidir le cineál an chúraim a sholáthraíonn an chúramóir gach lá dáiríre. Creidim go gcabhróidh an fhoirm nua seo le chúramóirí an t-eolas a chur ar fáil do na hoifigigh i mo Roinn a bhíonn riachtanach chun cabhrú leis na hoifigigh sin cinneadh a dhéanamh ar an teidlíocht chomh luath agus is féidir.”

Tá an fhoirm ar fáil ó láithreán gréasáin na Roinne ar <http://www.welfare.ie/en/Pages/ca.aspx>.

Tá breis agus 77,000 duine ag fáil an Liúntais Chúramóra faoi láthair agus is é an caiteachas measta a dhéanfar ar an scéim i mbliana ná beagnach €730 milliún.

CRÍOCH

Nótaí d’eagarthóirí:

Tá caiteachas na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí ar Liúntas Chúramóra, Sochar Chúramóra, Liúntas Chúraim Bhaile agus an Deontas Tacaíochta Chúramóra (ar a dtugtaí Deontas um Chúram Faoisimh tráth) méadaithe ó €991,809 milliún sa bhliain 2016 go €1,110,664 milliún sa bhliain 2017.

Is é an caiteachas measta ar na scéimeanna seo i leith na bliana 2018 ná suim de bhreis ar €1,185,890 milliún.

Is éard atá i b**Pobal** ná eagraíocht idirmheánach neamhbhrabúis a riarann cláir mhaoiniúcháin éagsúla ar son Rialtas na hÉireann agus ar son an Aontais Eorpaigh. www.pobal.ie

Tugann na hAchtanna um Chuntais Dhíomhaoine 2001-2012, mar aon leis an Acht um Polasaithe Árachais Saoil Neamhéilithe 2003, creat maidir le riarachán na gcuntas neamhéilithe i bhforais chreidmheasa (is iad sin bainc, cumainn fhoirgníochta agus An Post) agus polasaithe árachais saoil neamhéilithe i bhfiontair árachais.

Is é is príomhchuspóir leis an reachtaíocht ná sealbhóirí na gcuntas nó sealbhóirí na bpolasaithe a athaontú lena gcistí i bhforais chreidmheasa nó i bhfiontair árachais agus, ina thaobh seo, ceanglaítear ar na comhlachtaí seo gníomhartha a ghlacadh chun úinéirí na gcuntas díomhaoine agus úinéirí na bpolasaithe árachais saoil neamhéilithe a shainaithint agus teagmháil a dhéanamh leis na húinéirí sin.

Ionas go bhféadfaí, áfach, an úsáid ab fhearr a bhaint as na cistí neamhúsáidte i gcuntais dhíomhaoine agus i bpolasaithe neamhéilithe, tugadh isteach freisin scéim sa reachtaíocht chun cistí, nach dócha go ndéanfaí iad a éileamh ar ais ó chuntais dhíomhaoine agus ó pholasaithe neamhéilithe, a eisíoc chun críocha na mbeart d'fhonn cúnamh a chur ar fáil maidir le:

1. forbairt phearsanta shóisialta na ndaoine atá faoi mhíbhuntáiste geilleagrach nó faoi mhíbhuntáiste sóisialta;
2. forbairt oideachasúil na ndaoine atá faoi mhíbhuntáiste oideachasúil nó
3. daoine faoi mhíchumas.

An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí

Sonraí Teagmhála den Phreasoifig

Ríomhphost: press.office@welfare.ie

Guthán: 01 704 3082

Twitter: @welfare_ie